Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**13720/25**

**RECH 437**
**TELECOM 346**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 724 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>Straitéis Eorpach um an Intleacht Shaorga san Eolaíocht<br>An bealach a réiteach don Acmhainn d'Eolaíocht na hIntleachta Saorga san Eoraip (ATISAE) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 724 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 724 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.10.2025
COM(2025) 724 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

# Straitéis Eorpach um an Intleacht Shaorga san Eolaíocht
## An bealach a réiteach don Acmhainn d'Eolaíocht na hIntleachta Saorga san Eoraip (ATISAE)

GA GA

**Straitéis Eorpach um an Intleacht Shaorga san Eolaíocht**
**An bealach a réiteach don Acmhainn d'Eolaíocht na hIntleachta Saorga san Eoraip (ATISAE)**

## 1. RÉAMHRÁ

Spreag an eolaíocht an rathúnas san Eoraip. Sa lá atá inniu ann, **tá athrú ó bhonn á dhéanamh ag an intleacht shaorga (IS) ar an gcaoi a ndéantar taighde eolaíoch**, ó chuidiú le léirmheasanna litríochta go trialacha saotharlainne a uathoibriú[1]. Tá an intleacht shaorga á húsáid ag eolaithe chun dul i ngleic le fadhbanna casta eolaíocha agus chun nuálaíochtaí níos tapúla agus níos suaití a dhéanamh i ngach réimse[2]. Sa bhitheolaíocht, bhronn an uirlis intleachta saorga AlphaFold duais Nobel 2024 sa cheimic ar a cruthaitheoirí agus úsáideann dhá mhilliún taighdeoir í. Bhíothas in ann an méid sin a bhaint amach a bhuí le comhar leis an tSaotharlann Eorpach um Bitheolaíocht Mhóilíneach (EMBL) a sholáthair na sonraí turgnamhacha ardcháilíochta[3] a bhí ag teastáil. Sa réalteolaíocht, fuair tionscadal Eorpach os cionn 70 pláinéad ar snámh gan srian i measc na milliún réaltaí neamhghaolmhara trí algartaim mheaisínfhoghlama a úsáid[4].

Bhí taighdeoirí na hEorpa ar na chéad taighdeoirí a rinne an intleacht shaorga a chomhtháthú ina gcuid oibre agus, go dtí 2017, bhí siad ar thús cadhnaíochta i dtéarmaí líon na bhfoilseachán eolaíoch ina n-úsáidtear feidhmchláir na hintleachta saorga. Mar sin féin, **tá an tSín agus na Stáit Aontaithe tar éis breith suas leis an Aontas agus é a shárú ó shin**, agus tá an tSín ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain[5]. Tá sciar domhanda an Aontais d'acmhainneacht ríomhaireachtúil na hintleachta saorga níos lú ná 5 %, i gcomparáid leis an 75 % i gcás na Stát Aontaithe agus 15 % i gcás na Síne[6]. Tá an Eoraip fós ina mol mór le haghaidh bhuntaighde na hintleachta saorga, rud a léiríonn pobal gníomhach taighde IS na mór-roinne. Mar sin féin, tá sciar beag domhanda de ghníomhaithe IS (6 %) ag an Aontas i gcomparáid leis na Stáit Aontaithe agus an tSín, agus sciar níos lú fós de phaitinní na hintleachta saorga (3 %)[7].

**Tá infheistíocht mhór á déanamh ag tíortha amhail na Stáit Aontaithe, an tSín, an tSeapáin agus an Ríocht Aontaithe san intleacht shaorga san eolaíocht agus sna hacmhainní is gá**, amhail cumhacht ríomhaireachtúil agus tacair sonraí. Tá tionscnaimh náisiúnta seolta acu maidir leis an intleacht shaorga san eolaíocht chun borradh a chur faoina n-éiceachórais eolaíocha agus faoina ngeilleagair, chun ceannasacht theicneolaíoch a ghnóthú agus a choinneáil ar bun, chun a slándáil náisiúnta a chosaint agus chun a dtionchar polaitiúil a mhéadú[8]. Ar an gcaoi chéanna, sainaithníonn mórchuideachtaí teicneolaíochta an intleacht shaorga san eolaíocht mar réimse straitéiseach ag a bhfuil acmhainneacht ard fáis, lena mbunaítear IS inmheánach i bhfoirne eolaíochta agus lena ndéantar dul i gcomhpháirtíocht leis na hinstitiúidí taighde is fearr.

---

([1]) Glacadh rathúil tráthúil na hintleachta saorga san eolaíocht san Aontas Eorpach, Beirlín: SAPEA 2024
([2]) Páipéar oibre, 'Artificial intelligence in science – Promises or perils for creativity?', [An intleacht shaorga san eolaíocht – Gealltanais nó priacail le haghaidh na cruthaitheachta?]
([3]) *'AlphaFold uses open data and AI to discover the 3D protein universe'*, EMBL
([4]) Tionscadal COSMIC-DANCE, https://cordis.europa.eu/project/id/682903
([5]) Páipéar oibre, *'Trends in the use of AI in science'* ['Treochtaí in úsáid na hintleachta saorga san eolaíocht'], https://data.europa.eu/doi/10.2777/418191
([6]) Acmhainneacht ríomhaireachtúil na hintleachta saorga le sliseanna speisialaithe (GPUnna, TPUanna,...) mar a shainmhínítear in Pilz *et al*, 2025
([7]) *'The Role of Artificial Intelligence in Scientific Research – A Science for Policy, European Perspective'* ['Ról na hIntleachta Saorga sa Taighde Eolaíoch – Eolaíocht don Bheartas, Peirspictíocht Eorpach'] Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2025, JRC143482, DOI: 10.2760/7217497.
([8]) na Stáit Aontaithe; an tSín; an tSeapáin; an Ríocht Aontaithe

**Tá gá le cur chuige Eorpach i leith na hintleachta saorga san eolaíocht chun seasamh eacnamaíoch agus hiomaíochas na hEorpa a neartú**, i gcomhthéacs thar a bheith dinimiciúil ina bhfuil ár sochaithe agus ár ngeilleagair á n-athmhúnlú ag an intleacht shaorga, lena n-áirítear an pobal eolaíochta. I roinnt tuarascálacha móra[9,10], moladh an intleacht shaorga a ghiaráil chun an bhearna nuálaíochta a dhúnadh agus borradh a chur faoin táirgiúlacht agus faoin rathúnas. Ní mór don Aontas dlús a chur lena uaillmhian agus cur chuige straitéiseach comhordaithe a shaothrú maidir leis an intleacht shaorga san eolaíocht agus maidir leis an eolaíocht san intleacht shaorga chun bheith ina Mhór-Roinn Intleachta Saorga[11], rud a bhrúnn teorainneacha na hintleachta saorga chun cinn agus a luachanna á n-urramú agus á bhfeabhsú san am céanna.

**Is féidir leis an Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta, ag tógáil ar a láidreachtaí uathúla i dtaighde den scoth ar fud réimsí agus san intleacht shaorga iontaofa**. Is féidir leis an Eoraip leas a bhaint as traidisiún acadúil seanbhunaithe agus as urraim do shaoirse taighde, le heolaithe agus saoráidí taighde den chéad scoth a oibríonn i gcomhar chun teorainneacha teicneolaíochta a bhrú, le tacaíocht ó chistiú marthanach. Chun bheith ar thús cadhnaíochta san intleacht shaorga san eolaíocht, ní mór don Eoraip réitigh intleachta saorga a fhorbairt lena n-áiritheofar ceannasacht theicneolaíoch, trí uirlisí na hintleachta saorga le haghaidh taighde eolaíoch a chur chun cinn agus trí dhul chun cinn eolaíoch criticiúil a éascú. Is deis straitéiseach sa timpeallacht gheopholaitiúil atá ag athrú go tapa é cur chuige Eorpach i leith na hintleachta saorga san eolaíocht atá sábháilte, inbhuanaithe, duinelárnach agus iontaofa .

Leis an Straitéis Eorpach seo um an Intleacht Shaorga san Eolaíocht ('an Straitéis'), cuirtear **cur chuige Eorpach ar leith i láthair chun dlús a chur le glacadh na hintleachta saorga ag eolaithe Eorpacha i ngach réimse**. Áirítear leis sin samhlacha eolaíocha intleachta saorga Eorpacha a fhorbairt agus tacú lena n-acmhainneacht nuálach chun borradh a chur faoi thionchar, faoi cháilíocht agus faoi tháirgiúlacht na heolaíochta[12]. Gabhann tuarascáil eolaíochta le haghaidh beartais ón Airmheán Comhpháirteach Taighde (JRC) leis an Teachtaireacht seo, ina soláthraítear anailís mhionsonraithe ar úsáid na hintleachta saorga sa phróiseas eolaíoch agus i dtírdhreach na hintleachta saorga san eolaíocht[13]. Glactar í in éineacht leis an Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga lena ndírítear ar bhorradh a chur faoi ghlacadh na hintleachta saorga chun iomaíochas an Aontais a fheabhsú, go háirithe i dtionscail straitéiseacha.

**Is trí Fhís Eorpach go príomha a mhaoineofar gníomhaíochtaí tosaigh na Straitéise seo.** Ó bhí 2021 ann, thacaigh Fís Eorpach cheana leis an intleacht shaorga le níos mó ná EUR 8 mbilliún[14] de chistiú. Chun dul chun cinn a spreagadh agus seasamh na hEorpa a dhearbhú ar thús cadhnaíochta sa nuálaíocht eolaíoch, beidh sé d'aidhm ag an gCoimisiún tacaíocht airgeadais shuntasach thiomnaithe a chur ar fáil faoin gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) eile.

Ní mór don Aontas aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin atá os comhair éiceachóras T&N na hEorpa, is iad sin ilroinnt acmhainní agus iarrachtaí taighde, deacrachtaí maidir le rochtain a fháil ar acmhainní ríomhaireachta agus ar thacair sonraí, agus an iomaíocht

(9) *The future of European competitiveness – A competitiveness strategy for Europe* [Todhchaí iomaíochas na hEorpa – Straitéis iomaíochais don Eoraip]

(10) *Much more than a market - Speed, Security, Solidarity* [Margadh thar an gcoitiantacht — Luas, Slándáil, Dlúthpháirtíocht.]


(11) Plean Gníomhaíochta um Mór-Roinn na hIntleachta Saorga, COM(2025) 165 final

(12) Tá an straitéis sin bunaithe ar mholtaí Shásra an Choimisiúin um Chomhairle Eolaíoch.

(13) *'The Role of Artificial Intelligence in Scientific Research – A Science for Policy, European Perspective'* ['Ról na hIntleachta Saorga sa Taighde Eolaíoch — Eolaíocht don Bheartas, Peirspictíocht Eorpach'] Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2025, JRC143482, DOI: 10.2760/7217497.

(14) EUR 6,4 billiún le haghaidh 2021-24 agus níos mó ná EUR 1,6 billiún i gClár Oibre 2025

dhomhanda le haghaidh na hintleachta saorga agus na ndaoine tréitheacha is fearr. Chuige sin, **forbraítear leis an Straitéis na forais le haghaidh Acmhainn d’Eolaíocht na hIntleachta Saorga san Eoraip (ATISAE) mar institiúid fhíorúil lena gcomhthiomsaítear sárthallann, ríomh, sonraí agus cistiú taighde le haghaidh na hintleachta saorga.** Leis an Straitéis, cuirfear croíchumais na hintleachta saorga chun cinn trí thacaíocht leanúnach a thabhairt don taighde bunúsach, trí aghaidh a thabhairt ar theorainneacha na hintleachta saorga agus trí fhorbairt láidir, shábháilte agus iontaofa na hintleachta saorga a áirithiú. Leathnófar na huirlisí atá ar fáil d’eolaithe i réimsí éagsúla agus neartóidh sé seasamh na hEorpa mar phríomhghníomhaí sa tírdhreach eolaíoch domhanda.





## 2. ATISAE: An Acmhainn d’Eolaíocht na hIntleachta Saorga san Eoraip

**Seolfar ATISAE mar institiúid Eorpach fhíorúil lena gcomhthiomsaítear, lena n-ailínítear agus lena gcomhordaítear acmhainní riachtanacha intleachta saorga,** lena n-áirítear cumhacht ríomhaireachtúil, sonraí, barr feabhais agus tallann, agus cistiú taighde, ar fud an Aontais, na mBallstát agus na hearnála príobháidí. Le ATISAE, saothrófar dhá chuspóir chomhlántacha a thacaíonn le chéile: taighde ceannródaíoch san intleacht shaorga (eolaíocht don intleacht shaorga) a chur chun cinn chomh maith le glacadh na hintleachta saorga le haghaidh dul chun cinn eolaíoch ar fud na réimsí (an intleacht shaorga san eolaíocht)[15]. Is léiriú iad na cuspóirí sin ar an gcur chuige Eorpach i leith eolaíocht na hintleachta saorga, bunaithe ar dhlúthchomhar idirdhisciplíneach a spreagadh idir na heolaithe is fearr san Eoraip, ag teacht le chéile ó réimsí agus dearcthaí éagsúla chun taighde den scoth a dhéanamh leis an intleacht shaorga agus ar an intleacht shaorga. Is gá an cultúr idirdhisciplíneach comhoibríoch sin a chothú chun ilroinnt na n-iarrachtaí taighde a laghdú agus chun mais chriticiúil a bhaint amach. Tá sé sin ríthábhachtach chun teorainneacha na heolaíochta a bhrú chun cinn agus chun an chéad ghlúin eile den intleacht shaorga a fhorbairt, mar a mholtar sa spreagadh a bheidh ag Fís

(15) Cuireadh an eolaíocht le haghaidh na hintleachta saorga agus an intleacht shaorga san eolaíocht i ndlúth-idirghníomhú i bhfeidhm go rathúil i gcomhthéacsanna poiblí agus príobháideacha araon (e.g. CNRS AISSAI, Google DeepMind). Tá cineálacha éagsúla cur chuige ann ar fud an domhain maidir le hacmhainní na hintleachta saorga a chomhthiomsú don eolaíocht ach tá siad teoranta do shonraí agus do ríomh, e.g. NAIRR (SAM).

Eorpach amach anseo[16]. Dá bhrí sin, áiritheofar le ATISAE go mbeidh eolaíocht na hEorpa ar thús cadhnaíochta i bhforbairtí domhanda na hintleachta saorga agus go ndéanfaidh an dul chun cinn nua i gcumais na hintleachta saorga an taighde Eorpach a chumhachtú chun dul chun cinn mór a bhaint amach thar réimsí eolaíocha iomadúla.

**Tá ATISAE bunaithe ar láidreachtaí agus luachanna uathúla an taighde Eorpaigh agus ar chur chuige sainiúil de chuid an Aontais i leith na hintleachta saorga.** Le ATISAE, tacófar le córais intleachta saorga a fhorbairt lasmuigh den úrscothacht atá ann faoi láthair, atá eiticiúil, inmhínithe, trédhearcach, cuntasach, iontaofa, sábháilte, duinelárnach agus ailínithe le cearta an duine agus le luachanna sochaíocha. Cuideoidh cur i bhfeidhm na samhlacha sin sa taighde eolaíoch leis na srianta agus na rioscaí atá ann faoi láthair a bhaineann leis an intleacht shaorga a mhaolú agus sláine agus trédhearcacht an eolais eolaíoch a choinneáil ar bun, agus ar an gcaoi sin creidiúnacht na heolaíochta a chaomhnú agus muinín san eolaíocht atá bunaithe ar an intleacht shaorga a mhéadú[17].Tá gá leis an gcultúr comhoibríoch agus leis an idirdhisciplíneacht sin chun ilroinnt na n-iarrachtaí taighde a laghdú agus chun mais chriticiúil a bhaint amach.




*ATISAE a dhéanann eolaithe agus a dhéantar ar son na n-eolaithe*

**Thar aon ní eile, le ATISAE tógfar pobal taighde dinimiciúil, ina gcuirfidh eolaithe san Eoraip** teicneolaíochtaí na hintleachta saorga chun cinn agus ina gcuirfidh siad i bhfeidhm iad ar na dúshláin eolaíochta agus teicneolaíochta is déine. Le ATISAE, méadófar infheictheacht an taighde ar an intleacht shaorga Eorpach agus ar an intleacht shaorga san eolaíocht, rud a neartóidh an comhar i measc príomhinstitiúidí agus a chuirfidh forbairtí den chéad scoth chun cinn sa réimse.


**I gcroílár phobal ATISAE beidh Líonraí Bairr Feabhais téamacha le haghaidh IS san eolaíocht agus Líonra Eorpach na Saotharlann IS Ceanródaíoch**. Déanfaidh gach Líonra taighdeoirí ceannródaíocha atá ag obair leis an intleacht shaorga a ghrúpáil i ndisciplín eolaíoch ar leith nó chun cumais intleachta saorga a chur chun cinn, ag tógáil pointe fócasach maidir le barr feabhais Eorpach sa réimse sin. Beidh rochtain ag na Líonraí ar na hacmhainní intleachta saorga a theastaíonn uathu. Ciallaíonn sé sin ní hamháin cistiú spriocdhírithe agus fadtéarmach go leor ach rochtain ar chumhacht ríomhaireachtúil agus ar thacair sonraí an Aontais freisin, ar scála nach féidir a chomhordú ach ar leibhéal an Aontais. Trí mhalartuithe laistigh de líonraí agus eatarthu agus trí chomhordú ar fud na réimsí uile, le ATISAE laghdófar ilroinnt agus déanfar iarrachtaí taighde a ailíniú ar bhealach níos fearr.

(16) Togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear Fís Eorpach le haghaidh na tréimhse 2028-2034, COM(2025) 543 final

(17) Níl muinín ach ag 38 % de mhuintir na hEorpa as fionnachtana eolaíocha leis an intleacht shaorga de réir an Eorabharaiméadair.

**Le ATISAE, scaipfear barr feabhais in eolaíocht IS ar fud na hEorpa** trí thacú le gníomhaíochtaí oiliúna d’eolaithe agus d’fhoireann acadúil eile, chomh maith le comhaltachtaí, líonraí dochtúireachta agus scéimeanna soghluaisteachta. Trí thallann agus smaointe a scaipeadh go bríomhar, beidh na fionnachtana a rinneadh le cabhair ó ATISAE ar fáil do na heolaithe uile chun cur leo. Tacóidh ATISAE le heolaithe an dul chun cinn eolaíoch agus teicneolaíoch is mó a bhfuil gealladh fúthu a aistriú ina bhfeidhmeanna san fhíorshaol agus ina dtáirgí agus réitigh nua, rud a réiteoidh an bealach do ghlacadh tapa tionsclaíoch agus d’iomaíochas amach anseo. Chuige sin, oibreoidh ATISAE i ndlúthchomhar le Monarchana IS agus le Gigeamhonarchana IS agus leis an earnáil phríobháideach agus le comhpháirtithe tionsclaíocha.

**ATISAE le haghaidh Eolaíocht na nÁbhar**



Mar shampla, tabharfaidh Líonra Barr Feabhais téamach le haghaidh eolaíocht na n-ábhar le chéile saotharlanna taighde den scoth a úsáideann an intleacht shaorga chun ábhair a anailísiú, a aimsiú agus a thástáil, lena n-áirítear i suíomhanna tionsclaíocha. Trí iarrachtaí comhoibríocha taighde agus cláir oibre taighde ailínithe, arna n-éascú trí chomhroinnt ardleibhéil sonraí agus torthaí (i gcomhréir le caighdeáin a shainítear sa Choimíneacht Ábhair), rochtain ar bhonneagar tiomnaithe na hintleachta saorga agus ar sheirbhísí bainistithe sonraí, cuirfidh an líonra an úrscothacht chun cinn sa réimse sin. Maidir le tacair sonraí atá réidh don intleacht shaorga, bunsamhlacha in eolaíocht na n-ábhar agus saotharlanna uathoibrithe, tabharfaidh siad uirlisí cumhachtacha don phobal lena n-éascófar ionsamhlú, dearadh, sintéis agus monarú ardábhar.

Tabharfaidh forbairt na n-uirlisí sin teicnící nuálacha intleachta saorga chun cinn, agus san am céanna réiteoidh sé an bealach do nuálaíochtaí ceannródaíocha atá bunaithe ar ábhair atá níos sábháilte agus in-athnuaite nó atá bunaithe ar charbón, ar ábhair le haghaidh teicneolaíocht chandamach agus fuinneamh, lena n-áirítear ceallraí ardfheidhmíochta, fótavoltachas, breosla-chealla, ábhair gabhála carbóin agus nithe eile nach iad. Bainfidh seach-chuideachtaí agus gnólachtaí nuathionscanta Eorpacha leas as na torthaí sin, in ábhair agus i dteicneolaíochtaí na hintleachta saorga, agus bainfidh siad tairbhe as boscaí gainimh rialála a d’fhéadfadh a bheith ann. Scaipfear an saineolas eolaíoch agus an barr feabhais eolaíoch a fuarthas trí imeachtaí, comhaltachtaí agus scéimeanna soghluaisteachta, rud a mhéadóidh a thuilleadh linn an bhairr feabhais Eorpaigh in eolaíocht na n-ábhar atá bunaithe ar an intleacht shaorga.

### *Tógáil ATISAE*

Chun freastal ar na hathruithe tapa ar nuálaíochtaí agus ar riachtanais aistrithe éiceachóras eolaíochta IS, **tógfar ATISAE trí úsáid a bhaint as cur chuige céimnithe,** ar féidir leis fás de réir mar a fhorbraíonn a chomhpháirtithe, a acmhainní, a rannchuidithe agus a riachtanais. Seolfaidh an Coimisiún na gnéithe tosaigh de chéim phíolótach ar dtús faoin gclár Fís Eorpach agus faoin gclár don Eoraip Dhigiteach. Chun ATISAE a thógáil agus a inbhuanaitheacht fhadtéarmach a áirithiú, i dtéarmaí rialachais agus acmhainní comhthiomsaithe araon, oibreoidh an Coimisiún leis na Ballstáit, le páirtithe leasmhara taighde, lena n-áirítear institiúidí ardoideachais, agus leis an earnáil phríobháideach, d’fhonn RAISE a fhorbairt a thuilleadh faoin CAI nua.

**Áiritheofar le struchtúr rialachais iomchuí idirnascadh agus comhar dlúth** idir comhpháirteanna éagsúla ATISAE agus Líonraí Bairr Feabhais téamacha. Áiritheofar go ndéanfar ionadaíocht chuí ar phobal na heolaíochta le haghaidh na hintleachta saorga agus ar phobal na hintleachta saorga san eolaíocht araon, ar na Ballstáit (a nascann go díreach leis an mBord um Intleacht Shaorga[18]) agus ar an earnáil phríobháideach, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta IS agus gnólachtaí IS atá ag méadú. Is féidir le bord comhairleach acadúil ardleibhéil treoir eolaíoch a sholáthar. Ar dtús, bunófar rúnaíocht trí


(18) bunaithe sa Ghníomh um an Intleacht Shaorga.

Ghníomhaíochtaí Comhordaithe agus Tacaíochta faoin gclár Fís Eorpach chun siombóis eilimintí ATISAE a áirithiú. Ina theannta sin, maidir le gníomhaíochtaí na Comhghuaillíochta um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga a tugadh isteach sa Straitéis um an Intleacht Shaorga, déanfaidh sí iad a nascadh, a úsáid agus bonn eolais díreach a chur fúthu.

Chun ATISAE a bhunú mar inneall le haghaidh barr feabhais eolaíoch na hintleachta saorga san Eoraip, agus chun an intleacht shaorga san eolaíocht san Eoraip a chumasú agus tacú léi ar bhonn níos ginearálta, cuirfidh an Coimisiún plean gníomhaíochta chun feidhme, lena ndíreofar ar phríomhghnéithe na hintleachta saorga i gcleachtas agus in éiceachóras eolaíochta, lena n-áirítear **gníomhaíochtaí a bhaineann le barr feabhais agus tallann, cumhacht ríomhaireachtúil, sonraí, cistiú taighde, chomh maith le comhordú agus comhar**.

| |
|---|
| Déanfaidh an Coimisiún an méid seo leanas:<br>• treoirthionscadal ATISAE a sheoladh le cistiú EUR 108 milliún faoi Chlár Oibre Fís Eorpach 2026-27, le linn an chéad eagráin den Chruinniú Mullaigh um IS san Eolaíocht i gCóbanhávan an 3-4 Samhain 2025, faoi Uachtaránacht na Danmhairge ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh.<br>• comhordú tosaigh ATISAE le haghaidh na hintleachta saorga san eolaíocht a bhunú trí Ghníomhaíocht Comhordaithe agus Tacaíochta faoin gclár Fís Eorpach (WP 2025).<br>• comhpháirtíocht a dhéanamh leis na Ballstáit agus leis an earnáil phríobháideach chun ATISAE a thógáil.<br>• bord comhairleach acadúil ardleibhéil ATISAE a bhunú. |

## 3. Plean Gníomhaíochta um an Intleacht Shaorga san Eolaíocht: An bealach a thógáil chuig ATISAE




### 3.1. Barr feabhais agus tallann

*Barr feabhais*

**Tá an cur chuige Eorpach i leith na hintleachta saorga fréamhaithe sa bharr feabhais agus san iontaofacht.** Beidh fócas leanúnach ar an mbarr feabhais ríthábhachtach don Aontas chun samhlacha intleachta saorga a fhorbairt chun fadhbanna casta eolaíocha a

réiteach, mar a léirítear i Líonraí Bairr Feabhais téamacha ATISAE, lena n-áirithítear ceannaireacht eolaíoch agus iomaíochas an Aontais.

**Chun taighde den scoth a dhéanamh leis an intleacht shaorga, teastaíonn réitigh IS atá duinelárnach, inmhínithe, neamhchlaonta agus sábháilte**. Ciallaíonn sé sin aghaidh a thabhairt, ón tús, ar gach saincheist a bhaineann leis an teicneolaíocht, ó chruinneas agus iontaofacht go hábhair imní eiticiúla[19] agus dúshláin sláine taighde. De réir suirbhé amháin[20], tá imní ar 81 % de thaighdeoirí maidir le samhlacha intleachta saorga (eitic, cruinneas, slándáil/príobháideachas, agus/nó easpa trédhearcachta) agus 63 % maidir leis an easpa treoirlínte, rud a chuireann bac ar ghlacadh na hintleachta saorga. Chun glacadh freagrach na teicneolaíochta a éascú, tá treoirlínte agus tacaíocht bunriachtanach don phobal eolaíochta agus acadúil. Tá traidisiún seanbhunaithe ag an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar ábhair imní eiticiúla faoin gclár Fís Eorpach, trí chreataí breithmheasa eitice le haghaidh taighde leis an intleacht shaorga agus treoirlínte oibríochtúla[21]. Leanfaidh an Coimisiún de chur chuige na heitice trí dhearadh a chur chun cinn agus d'acmhainní éagsúla a fhorbairt leis an bpobal eolaíochta (oiliúint, uirlisí, etc.). Ina theannta sin, iarrfar ar an nGrúpa Eorpach um Eitic san Eolaíocht agus sna Nuatheicneolaíochtaí (EGE) tuairim a thabhairt maidir leis an intleacht shaorga san eolaíocht.

Ós rud é go bhfuil úsáid na hintleachta saorga giniúnaí tagtha chun bheith forleathan, tá saincheisteanna amhail blúirí téacs neamhfhíoraithe i bpáipéir, luanna monaraithe, nó bradaíl, tar éis éirí níos coitianta. Tabharfaidh an Coimisiún na **Treoirlínte Maireachtála maidir le húsáid fhreagrach an IS ghiniúnaigh sa taighde**[22] cothrom le dáta go rialta, ar sampla rathúil é de threoirlínte praiticiúla agus inghníomhaithe a forbraíodh i gcomhar le baill an Limistéir Eorpaigh Taighde (LET) (tíortha agus páirtithe leasmhara T&N) chun freagairt do dhúshláin atá ag teacht chun cinn sa phobal.

**Tacóidh an tAirmheán Comhpháirteach Taighde le cur chun cinn straitéiseach na hintleachta saorga don eolaíocht, atá iontaofa agus ar féidir brath uirthi, i ndlúthchomhar leis an Oifig Eorpach um Intleacht Shaorga.** D'fhéadfaí a áireamh leis sin measúnú a dhéanamh ar thimpeallacht reatha na samhlacha intleachta saorga eolaíocha[23] trí mhodhanna cáilíochtúla agus cainníochtúla, ag díriú ar chumais, ar chleachtais mheastóireachta, ar thagarmharcanna, agus b'fhéidir méadracht atá dírithe ar an Aontas a fhorbairt chun meastóireacht a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht agus ar a n-iontaofacht sa taighde eolaíoch.

***Tallann***

Tá grúpaí agus eagraíochtaí taighde den chéad scoth lonnaithe san Eoraip ar fud na réimsí, rud a chuireann bonn láidir ar fáil chun mais chriticiúil tallainne agus smaointe a chothú. Trí nascacht, comhar agus ceannaireacht a fheabhsú ar fud na ngrúpaí sin, is féidir leo méadú chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna eolaíocha níos casta trí úsáid a bhaint as an intleacht shaorga. **Tá comhar idirdhisciplíneach ríthábhachtach chun an intleacht shaorga cheannródaíoch a fhorbairt agus a úsáid chun fadhbanna eolaíocha a réiteach[24].**

---

(19) https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/library/ethics-guidelines-trustworthy-ai
(20) https://www.wiley.com/en-de/ai-study/for-researchers
(21) Eitic trí Dhearadh agus Cineálacha Cur Chuige Úsáide le haghaidh IS, treoir d'Fhís Eorpach
(22) Treoirlínte maireachtála maidir le húsáid an IS ghiniúnaigh sa taighde
(23) Airteagal 2(6) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga (Rialachán (AE) 2024/1689)
(24) *AI Skills and Occupations in the European Start-up Ecosystem* [Scileanna agus Gairmeacha na hIntleachta Saorga in Éiceachóras Gnólachtaí Nuathionscanta na hEorpa], EIT, 2025

**Ní mór don Aontas cur leis an líon daoine tréitheacha eolaíocha a bhfuil eolas agus scileanna láidre acu maidir leis an intleacht shaorga.** Mar a luaitear in Aontas na Scileanna[25], braitheann rathúnas an Aontais ar a chaipiteal daonna oilte, lena n-áirítear chun a sheasamh sa taighde agus sa nuálaíocht a neartú, agus san intleacht shaorga san eolaíocht go háirithe. Ní hamháin nach mór don Eoraip oiliúint a chur ar an gcéad ghlúin eile d'eolaithe agus eolaithe reatha a uas-sciliú le bheith réidh don intleacht shaorga, ní mór di an tallann sin a choinneáil agus a bheith ina heiseamláir tharraingteach do dhaoine tréitheacha idirdhisciplíneacha domhanda san intleacht shaorga agus i bhfeidhmeanna eolaíocha na hintleachta saorga. Thairis sin, ós rud é go bhfuil gá le foirne taighde idirdhisciplíneacha chun ardúsáidí na hintleachta saorga san eolaíocht a fhorbairt, ní mór don Aontas tacú le cineálacha eile próifílí freisin, amhail innealtóirí taighde agus maoir sonraí, a leanann conairí gairme éagsúla, i gcomhréir le sprioc na Straitéise um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga próifílí hibrideacha a fhorbairt (e.g. speisialtóirí na hintleachta saorga a bhfuil saineolas a bhaineann go sonrach leis an tionscal acu). Chun an uaillmhian sin a bhaint amach, ní mór iarrachtaí spriocdhírithe a dhéanamh chun cuimsitheacht agus cothromaíocht inscne san intleacht shaorga a neartú, i gcás ina bhfuil neamhionannais struchtúracha fós ann[26].

**Beidh scileanna intleachta saorga ag éirí níos tábhachtaí do thaighdeoirí** agus ní mór iad a fhorbairt go luath ar fud na réimsí agus na gcéimeanna gairme uile. Mar a fógraíodh sa Phlean Gníomhaíochta um Mór-Roinn na hIntleachta Saorga, tá forbairt na hintleachta saorga agus scileanna digiteacha á gcur chun cinn ag an gCoimisiún cheana, lena n-áirítear litearthacht intleachta saorga agus ardscileanna intleachta saorga[27], tríd an bPlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach[28], tríd an Acadamh Scileanna don Intleacht Shaorga, tríd an bPlean Straitéiseach um Oideachas ETIM[29], agus trí ionstraimí oideachais, oiliúna agus forbartha scileanna eile[30]. Leanfaidh sé de sin a dhéanamh le Treochlár 2030 maidir le todhchaí an oideachais dhigitigh agus na scileanna digiteacha, trína ghné thiomnaithe IS. Tá na tionscnaimh sin ar fáil do thaighdeoirí chun leas a bhaint as an intleacht shaorga. Chun feasacht taighdeoirí ar litearthacht na hintleachta saorga mar scil riachtanach a mhéadú a thuilleadh, tabharfaidh an Coimisiún na Creataí Eorpacha Inniúlachta do Thaighdeoirí (ResearchComp[31]) cothrom le dáta agus seolfaidh sé Uirlis Féinmheasúnaithe nua lena n-áireofar inniúlacht na hintleachta saorga i measc inniúlachtaí spriocdhírithe. Tá sé sin ar aon dul leis na hiarrachtaí níos leithne chun tacú le litearthacht na hintleachta saorga d'oibrithe in earnálacha éagsúla agus le róil phoist faoin Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga.

**Ní mór don Aontas tallann eolaíochta agus intleachta saorga a choinneáil agus a mhealladh.** Tá roinnt tionscnamh seolta ag an gCoimisiún cheana chun áit tharraingteach a dhéanamh den Eoraip don taighde agus don nuálaíocht, lena n-áirítear gairmeacha taighde a fheabhsú tríd an bpacáiste 'Roghnaigh an Eoraip[32]; bacainní a laghdú maidir le tallann a mhealladh agus a choinneáil ó thíortha nach bhfuil san Aontas tríd an straitéis AE

---

([25]) Teachtaireacht maidir le hAontas na Scileanna, COM(2025) 90 final.

([26]) Ní mná iad ach 22 % de ghairmithe na hintleachta saorga ar fud an domhain agus is mná iad 13,8 % d'údair pháipéir taighde na hintleachta saorga. An Fóram Eacnamaíoch Domhanda. 2022. Leagtar béim sa Treochlár um Chearta na mBan ar a thábhachtaí atá sé sealbhú scileanna agus inniúlachtaí digiteacha ag mná agus ag cailíní a spreagadh, lena n-áirítear san intleacht shaorga.

([27]) Tallann, scileanna agus litearthacht na hIntleachta Saorga |Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú

([28]) Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach (2021-2027) - Limistéar Eorpach Oideachais

([29])Plean Straitéiseach um Oideachas ETIM

([30]) I measc ionstraimí an Aontais don oideachas agus don oiliúint tá Erasmus+ agus Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie.

([31]) ResearchComp; mar a rinneadh don Chreat Inniúlachta do Bhainisteoirí Taighde (RM Comp)

([32]) Roghnaigh an Eoraip don Eolaíocht:

um beartas víosaí agus trí thionscnamh Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh; tacú leis an bhfiontraíocht trí Straitéis an Aontais um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú[33] agus trí na gníomhaíochtaí a mholtar sa Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga.

**Mar chuid den tionscnamh 'Roghnaigh an Eoraip don Eolaíocht'[34], beidh ATISAE ina phointe fócasach don bharr feabhais agus don tallann san eolaíocht IS.** Déanfaidh an Coimisiún infheistíocht in oiliúint a chur ar an gcéad ghlúin eile den intleacht shaorga i dtaighdeoirí eolaíochta trí Líonraí Dochtúireachta ATISAE maidir leis an Intleacht Shaorga san Eolaíocht a chistiú trí úsáid a bhaint as samhail Líonraí Dochtúireachta MSCA[35]. Cuirfidh Líonraí Dochtúireachta ATISAE oiliúint shonrach ar fáil maidir leis an intleacht shaorga san eolaíocht agus tacóidh siad le mic léinn ar mian leo an intleacht shaorga a úsáid ina gcuid oibre eolaíche. Déanfaidh Líonraí Barr Feabhais ATISAE tallann a choinneáil agus a mhealladh trí IS idirdhisciplíneach dinimiciúil a chruthú in éiceachóras eolaíochta trí scéimeanna oiliúna agus soghluaisteachta, lena n-áirítear le grúpaí taighde atá ag teacht chun cinn.

Déanfaidh an Coimisiún

- líonraí Dochtúireachta a chistiú maidir leis an intleacht shaorga san eolaíocht chun oiliúint a chur ar an gcéad ghlúin eile de thaighdeoirí *(treoirthionscadal ATISAE).*
- líonraí Bairr Feabhais téamacha maidir leis an intleacht shaorga san eolaíocht a chistiú *(treoirthionscadal ATISAE).*
- na 'Treoirlínte Maireachtála maidir le húsáid fhreagrach an IS ghiniúnaigh sa taighde' agus ábhair oibríochtúla eile a bhaineann le heitic a thabhairt cothrom le dáta go rialta.
- Mol IS eolaíoch ACT a chruthú chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar shamhlacha agus córais intleachta saorga le haghaidh taighde eolaíoch straitéiseach, i ndlúth-ailíniú leis an Oifig Eorpach um Intleacht Shaorga.

### 3.2. Ríomh

**Tá an acmhainneacht ríomhaireachtúil ar cheann de phríomhchumasóirí fhorbairt na hintleachta saorga agus, dá bhrí sin, tá sí ar cheann de na príomhbhaic a bhaineann léi freisin.** Go ginearálta, bíonn níos lú bonneagair ríomhaireachtúla ar fáil don lucht acadúil ná mar a bhíonn ag na mórchuideachtaí teicneolaíochta[36], agus tá an t-éileamh ar acmhainní ríomhaireachtúla ag fás de réir mar a chomhtháthaíonn níos mó eolaithe i réimsí éagsúla an intleacht shaorga ina gcuid oibre.

Tuairiscíonn taighdeoirí ar fud na mBallstát deacrachtaí maidir le rochtain a fháil ar acmhainní ríomhaireachta leordhóthanacha nó maidir lena n-úsáid go héifeachtach[37]. Mar thoradh air sin, is minic a théann úsáideoirí i muinín soláthraithe príobháideacha, rud a fhágann go mbíonn éifeachtaí gaibhnithe díoltóirí ann (róspleáchas ar shamhlacha dílsithe

(33) COM(2025) 270 final
(34) Roghnaigh an Eoraip don Eolaíocht
(35) Is gníomhaíocht ón mbun aníos é Líonraí Dochtúireachta MSCA a dhíríonn ar oiliúint taighde a mheallann cuid mhór tionscadal a bhfuil comhpháirt mhór intleachta saorga acu
(36) 'Tá an saol acadúil ag titim chun deiridh ar an tionscal i dtaighde ceannródaíoch ar an intleacht shaorga. Sa lá atá inniu ann, ní féidir le haon ollscoil ar domhan córas ceannródaíoch intleachta saorga a thógáil ar aon dul leis an tionscal.' (Stanford Human-Centered AI, 2024)
(37) De réir thorthaí na gcomhairliúchán le páirtithe leasmhara maidir leis an Straitéis um an Intleacht Shaorga san Eolaíocht

arna bhforbairt ag cuideachtaí príobháideacha agus eachtracha) agus tionchar méadaithe ar an tionscal. Leis na comhairliúcháin atá mar bhonn eolais don Straitéis seo, deimhníodh an tábhacht mhéadaitheach a bhaineann le bonneagair ríomhaireachtúla a fhaigheann tacaíocht phoiblí chun samhlacha intleachta saorga ceannródaíocha a fhorbairt agus a chur in úsáid agus chun feidhmchláir eolaíocha atá ag éirí níos casta a chumasú.

Ó bhí 2018 ann, tá infheistíocht déanta ag an Aontas in acmhainneachtaí sár-ríomhaireachta úrscothacha, tríd an gComhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach (Comhghnóthas EuroHPC[38]) agus trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), trína chláir náisiúnta agus réigiúnacha. **Tá cumais bhreise intleachta saorga le haghaidh taighdeoirí agus nuálaithe á bhforbairt faoi láthair.** Trí Mhonarchana IS a chruthú, bunaithe ar shár-ríomhairí EuroHPC nua nó uasghrádaithe arna mbarrfheabhsú leis an intleacht shaorga ar fud an Aontais in 2025-26, méadófar faoi thrí an acmhainneacht ríomhaireachta EuroHPC na hintleachta saorga atá ann faoi láthair d'úsáideoirí Eorpacha, taighdeoirí san áireamh.

Mar chuid d'éiceachóras tacaíochta taighde agus nuálaíochta na hintleachta saorga([39]), **tá Monarchana IS ag cur feabhas cheana ar ghlacadh páirtithe leasmhara trí sheirbhísí a thairiscint** amhail forbairt algartamach, tástáil a dhéanamh ar shamhlacha intleachta saorga ar mhórscála agus iad a bhailíochtú, saoráidí ríomhchlárúcháin atá fabhrach don sár-ríomhaire agus do sheirbhísí cumasaithe na hintleachta saorga eile a sholáthar. Díreoidh go leor de na Monarchana IS ar réimsí eolaíocha sonracha[40]. Áirítear le Beartas Rochtana EuroHPC modh rochtana nua le haghaidh 'Intleacht Shaorga don Eolaíocht agus do Thionscadail Chomhoibríocha an Aontais'. Tríd an modh rochtana sin, níl tionscadail taighde roghnaithe atá cistithe ag an Aontas faoi réir próiseas meastóireachta ná athbhreithnithe piaraí breise agus tugtar tosaíocht dóibh ar iarrataí eile.

Chun bonneagar poiblí IS an Aontais a mhéadú a thuilleadh, **molann an Coimisiún don Aontas tacú le Gigeamhonarchana IS a bhunú trí acmhainní an Aontais, na mBallstát, na hearnála réigiúnaí agus na hearnála príobháidí a chomhthiomsú[41].** Tabharfaidh Gigeamhonarchana IS an coincheap maidir le Monarchana IS go dtí an chéad leibhéal eile. Saoráidí mórscála a bheidh iontu sin a dhearfar chun samhlacha móra intleachta saorga agus feidhmchláir eolaíocha a fhorbairt, a oiliúint agus a chur in úsáid ar scála nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, lena gcomhtháthófar cumhacht ríomhaireachta ollmhór in éineacht le lárionaid sonraí atá tíosach ar fhuinneamh, agus uathoibriú atá bunaithe ar an intleacht shaorga chun oiliúint, tátal agus cur in úsáid samhlacha intleachta saorga a bharrfheabhsú. Leanfaidh an Coimisiún d'éilimh ríomhaireachtúla amach anseo a réamh-mheas agus de phleanáil a dhéanamh ina leith. Beidh uasghráduithe bonneagair i gcomhréir le tosaíochtaí eolaíocha taighdeoirí Eorpacha, lena n-áiritheofar go leanfaidh na cumais de bheith oiriúnach dá bhfeidhm agus go mbeidh siad in ann treochtaí amach anseo atá ábhartha don intleacht shaorga, amhail ríomhaireacht chandamach, a réamh-mheas[42].

**Bainfidh ATISAE tairbhe as acmhainní ríomhaireachta Eorpacha riachtanacha na Monarchana IS, chomh maith le Gigeamhonarchana IS a bheidh ann amach anseo**. Oibreoidh ATISAE i ndlúthchomhar leis an gComhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach agus áiritheofar go mbeidh sé ar fáil agus go mbeidh tosaíocht

([38]) https://www.eurohpc-ju.europa.eu/index_ga
([39]) Féach tuilleadh tagartha don ról atá ag éiceachóras na tacaíochta sa Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga.
([40]) https://eurohpc-ju.europa.eu/ai-factories_ga
([41]) Comhairliúchán Poiblí faoi Ghigeamhonarchana IS
([42]) https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/library/quantum-europe-strategy

sceidealaithe ráthaithe ann do thionscadail taighde arna gcistiú ag an Aontas i ndáil le hacmhainní ríomhaireachta forchoimeádta.

Déanfaidh an Coimisiún an méid seo leanas:

- rochtain thiomnaithe ar Ghigeamhonarchana IS a áirithiú d'eolaithe agus do ghnólachtaí nuathionscanta an Aontais, lena n-áirítear le haghaidh cuspóirí sonracha Fís Eorpach. Infheisteoidh Fís Eorpach suas le EUR 600 milliún *(treoirthionscadal ATISAE).*
- leanúint d'fhorbairt a dhéanamh ar na hacmhainní ríomhaireachta IS atá tiomnaithe don eolaíocht trí na Monarchana IS.

### 3.3. Sonraí

**Tá an tAontas ar thús cadhnaíochta i dtionscnaimh mhóra reachtaíochta agus bonneagair chun éiceachóras láidir sonraí a fhorbairt san Eoraip.** Áirítear orthu sin an Néal Eorpach maidir leis an Eolaíocht Oscailte (NEEO) mar an Spás Coiteann Sonraí Eorpach le haghaidh T&N[43], na Spásanna Coiteanna Sonraí Eorpacha eile[44] amhail an Spás Eorpach Sonraí Sláinte[45], an Treoir maidir le Sonraí Oscailte, an Gníomh um Rialachas Sonraí agus an Gníomh um Shonraí[46]. Comhlánaítear na hiarrachtaí sin le tionscnaimh théamacha bhreise amhail Néal na hOidhreachta Cultúrtha[47], Coimíneacht Ábhair[48], nó acmhainní bithshonraí[49]. Cuirfidh na tionscnaimh sin borradh faoi ghlacadh na hintleachta saorga san eolaíocht, ós rud é gur cumasóir bunúsach iad sonraí ardcháilíochta d'fheidhmchláir eolaíocha na hintleachta saorga.

Cé go bhfuil gá le sonraí taighde atá réidh don intleacht shaorga chun réitigh na hintleachta saorga ar cheisteanna eolaíocha agus sreafaí oibre a chumasú, **tá dúshláin struchtúracha leanúnacha fós le sárú ag forbairt agus uas-scálú tacar sonraí eolaíocha ardcháilíochta[50].** Is ceannaire domhanda í an Eoraip maidir le sonraí eolaíocha coimeádta ardcháilíochta. Mar sin féin, ní bhaintear leas iomlán as bunachair sonraí eolaíocha oscailte mar gheall ar ilroinnt na mbonneagar taighde, bacainní ar chomhroinnt sonraí, easpa idir-inoibritheachta, stórais aonraithe sonraí agus ábhair imní maidir le príobháideachas. Is é is aidhm do thionscnaimh amhail na Spásanna Coiteanna Sonraí Eorpacha, agus go háirithe NEEO[51], níos mó sonraí a chur ar fáil lena rochtain agus lena n-athúsáid, agus aghaidh á tabhairt ar chuid de na dúshláin sin. Leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte, feabhsaítear infhionntacht agus athúsáid sonraí sláinte ar fud na hEorpa, agus cuirtear creat iontaofa ar fáil san am céanna a thacaíonn le cothroime agus barr feabhais i dtaighde atá cumasaithe ag an intleacht shaorga.

Mar a fógraíodh i bPlean Gníomhaíochta um Mór-Roinn na hIntleachta Saorga, déanfar na tionscnaimh thuasluaite a chomhlánú agus a threisiú leis an Straitéis um Aontas Sonraí Eorpach atá ar na bacáin, trí fhoinsí nua sonraí mórscála ardcháilíochta a oscailt agus trí ghnólachtaí agus riaracháin phoiblí a chumasú chun sonraí a chomhroinnt go rianúil agus ar scála. Sa chomhthéacs sin, **bunóidh an Coimisiún Saotharlanna Sonraí laistigh de**

---

([43]) Néal Eorpach maidir leis an Eolaíocht Oscailte
([44]) https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/policies/data-spaces
([45]) Rialachán (AE) 2025/327 maidir leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte
([46]) An Treoir maidir le Sonraí Oscailte; An Gníomh um Rialachas Sonraí; An Gníomh um Shonraí
([47]) Néal na hOidhreachta Cultúrtha
([48]) Teachtaireacht maidir le hArdábhair le haghaidh Ceannaireacht Thionsclaíoch, COM(2024) 98 final
([49]) Teachtaireacht maidir leis an Eoraip a roghnú do na heolaíochtaí beatha, COM(2025) 525 final
([50]) Cleachtadh Foghlama Frithpháirtí um IS san Eolaíocht — An dara tuarascáil théamach
([51]) Tá NEEO á chur chun feidhme mar chónaidhm de stórtha sonraí agus seirbhísí. Cuireann NEEO seirbhísí eolaíocha ar fáil freisin a thacaíonn le glacadh na hintleachta saorga.

**Mhonarchana IS a dhéanfaidh sonraí ó fhoinsí éagsúla a chónascadh, lena n-áirítear na Spásanna Coiteanna Sonraí Eorpacha.** D'fhéadfadh Saotharlanna Sonraí raon seirbhísí eile a chur ar fáil freisin, amhail tacair sonraí a ghlanadh agus a shaibhriú, uirlisí teicniúla a sholáthar (e.g. formáidí caighdeánaithe, sonraí sintéiseacha, bloic thógála theicniúla chomhroinnte), tacú le comhlíonadh rialála (e.g. RGCS) agus idir-inoibritheacht a chothú thar earnálacha agus thar theorainneacha. Beidh na Saotharlanna Sonraí ina n-uirlis thábhachtach d'eolaithe a oibríonn leis an intleacht shaorga, agus stórtha sonraí á nascadh acu le seirbhísí sonraí agus le bonneagar EuroHPC. Trína Straitéis maidir le Bonneagair Thaighde agus Theicneolaíochta[52], neartóidh an Coimisiún acmhainneachtaí, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht éiceachóras bonneagair taighde agus teicneolaíochta na hEorpa agus seolfaidh sé gníomhaíochtaí maidir leis an Eolaíocht Oscailte mar phríomhchumasóir chun feidhmchláir eolaíochta IS a fhorbairt.

Cuspóir amháin de Chlár Oibre Beartais LET 2025-2027 [53] ina **bheartas struchtúrach maidir leis an eolaíocht oscailte** is ea dálaí agus acmhainní dlíthiúla níos fearr a chur ar fáil do thaighdeoirí chun rochtain a fháil ar thorthaí taighde a chistítear go poiblí agus iad a athúsáid agus foilseacháin agus sonraí a úsáid chun críoch eolaíoch. Sa chomhthéacs sin, baileoidh an Coimisiún tuilleadh fianaise[54], lena n-áirítear trí chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara maidir leis na dúshláin atá ann cheana agus maidir le réitigh agus roghanna beartais a d'fhéadfadh a bheith ann.

**Oibreoidh ATISAE i ndlúthchomhar le NEEO, chomh maith leis na Spásanna Sonraí eile, chun sonraí ardcháilíochta atá réidh don intleacht shaorga a chur ar fáil d'eolaíocht na hintleachta saorga.** Tacóidh sé le forbairt agus dearadh na Saotharlann Sonraí a bheidh ann amach anseo, mar chuid de na Monarchana IS, chun tacú le riachtanais eolaithe (e.g. bailiú sonraí, seirbhísí glantacháin agus saibhrithe) agus chun úsáid na Saotharlainne ag an bpobal eolaíochta a chur chun cinn. Cuideoidh ATISAE freisin le bearnaí straitéiseacha i sonraí eolaíocha a shainaithint agus tacóidh sé leis na hiarrachtaí na tacair sonraí is gá le haghaidh eolaíocht IS a bhailiú, a choimeád agus a chomhtháthú.

Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- tacú le Saotharlanna Sonraí a dhearadh, agus iad a nascadh le Spásanna Coiteanna Sonraí Eorpacha, go háirithe NEEO, chun a n-oiriúnacht agus inrochtaineacht agus ath-inúsáidteacht sonraí le haghaidh taighde eolaíoch a áirithiú.
- tacú le heolaithe bearnaí straitéiseacha sonraí a shainaithint agus na tacair sonraí is gá a bhailiú, a choimeád agus a chomhtháthú trí Líonraí ATISAE *(treoirthionscadal ATISAE).*
- fianaise a bhailiú maidir leis an ngá atá le feabhas a chur ar rochtain ar thorthaí taighde a chistítear go poiblí agus ar athúsáid na dtorthaí sin agus ar úsáid foilseachán agus sonraí chun críoch eolaíoch.

### 3.4. Cistiú Taighde

**Tá cistiú taighde Eorpach ag tacú cheana leis an intleacht shaorga i dtionscadail eolaíochta i raon leathan réimsí, chomh maith le go leor tionscadal maidir le heolaíocht na hintleachta saorga.** Chothaigh sé sin úsáid na hintleachta saorga mar uirlis

---

(52) https://research-and-innovation.ec.europa.eu/document/009f0f91-74d3-4b94-9d79-55668cfd5a78_ga
(53) Moladh ón gComhairle maidir le Clár Oibre Beartais an Limistéir Eorpaigh Taighde 2025-2027
(54) Mar chomhlánú ar an bhfianaise atá ann cheana, féach 'Feabhas a chur ar rochtain ar thorthaí taighde, ar fhoilseacháin agus ar shonraí chun críoch eolaíoch agus ar athúsáid na dtorthaí, na bhfoilseachán agus na sonraí sin' https://data.europa.eu/doi/10.2777/633395

ar fud na réimsí agus chuir sé staid na heolaíochta sna réimsí sin chun cinn (féach an bosca thíos). Ós rud é go bhfuil teicneolaíochtaí IS éirithe níos forbartha agus go n-úsáidtear go forleathan iad, tá méadú tagtha ar chistiú taighde, rud a léirítear, mar shampla, sa mhéadú ar dheontais na Comhairle Eorpaí um Thaighde (ERC)[55] le haghaidh na hintleachta saorga san eolaíocht (féach an graf thíos).

**An intleacht shaorga arna cistiú ag an Aontas i dtionscadail eolaíochta**[56]

Bhain F-IMAGE úsáid as an intleacht shaorga chun comharthaí seismeacha a aicmiú agus a anailísiú agus chun tuiscint a fháil ar iompar lochtanna le linn creathanna talún. Trí mheastóireacht a dhéanamh ar éabhlóid ghearrthéarmach lochtanna, is féidir tuiscint níos fearr a fháil ar phróisis a chruthaíonn creathanna talún.

Chuir AI-PREVENT an intleacht shaorga i bhfeidhm ar thacair sonraí lena gcumhdaítear tosca sláinte agus tosca stíle maireachtála eile, chun cúram sláinte níos tuarthaí agus níos pearsantaithe a bhaint amach. Léiríodh gur uirlisí cumhachtacha iad na samhlacha a ghintear leis an intleacht shaorga chun daoine sonracha atá i mbaol agus a bhfuil cúram coisctheach de dhíth orthu a shainaithint.

Forbraíonn BioMonitor4CAP córais faireacháin bithéagsúlachta le haghaidh réimsí talmhaíochta lena gcomhtháthaítear modheolaíochtaí táscairí clasaiceacha le hardchuir chuige theicneolaíocha, lena n-áirítear an intleacht shaorga. Is é an phríomhsprioc atá aige eolas, modhanna agus uirlisí a chur ar fáil d'fheirmeoirí agus don phobal i gcoitinne.

**Faoin gclár Fís Eorpach, tá EUR 6,4 billiún infheistithe ag an Aontas** in san intleacht shaorga thar an tréimhse 2021-24. Tá EUR 1,6 billiún eile á infheistiú i gClár Oibre 2025 Fís Eorpach, a bhfuil thart ar EUR 0,7 billiún de sin beartaithe le haghaidh na hintleachta saorga san eolaíocht, agus tá tacaíocht bhreise don intleacht shaorga san eolaíocht beartaithe le haghaidh na tréimhse 2026-27 den chlár Fís Eorpach trí thopaicí tiomnaithe lena gcuirtear taighde comhoibríoch chun cinn faoi Cholún II. Tagann cistiú breise don intleacht shaorga san eolaíocht ó ionstraimí ón mbun aníos, amhail ERC, MSCA agus an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE)[57]. Le gníomhaíochtaí tiomnaithe amhail an tionscnamh ISgin@AE[58], rinneadh úsáid na hintleachta saorga giniúnaí a chuíchóiriú a thuilleadh ar fud na réimsí agus na bhfeidhmchlár. Tá maoiniú le haghaidh breis agus EUR 100 milliún curtha ar fáil ag an gCoimisiún freisin do naoi Líonra Barr Feabhais san Intleacht Shaorga chun na saotharlanna taighde IS is fearr a nascadh ar fud na mBallstát agus chun an intleacht shaorga a chur chun cinn. San an am céanna, gheall an Coimisiún EUR 70 milliún breise faoin gclár Fís Eorpach agus faoin gclár don Eoraip Dhigiteach chun samhlacha intleachta saorga móra ilmhódacha a fhorbairt lena sáraítear teorainneacha na gcumas atá ann faoi láthair agus lena dtacaítear le teacht chun cinn na hintleachta saorga ceannródaíche.

---


([55]) ERCEA, Taighde ceannródaíoch ar an intleacht shaorga de chuid ERC a mhapáil, 2024

([56]) Samplaí de thionscadail arna gcistiú ag an Aontas a úsáideann an intleacht shaorga i bpacáiste torthaí CORDIS maidir leis an intleacht shaorga san eolaíocht agus an intleacht shaorga sna heolaíochtaí beatha

([57]) B'ionann deontais ERC maidir leis an intleacht shaorga san eolaíocht agus thart ar EUR 450 milliún in 2023 agus d'infheistigh siad os cionn EUR 2 bhilliún ar an iomlán i dtaighde IS ó bhí 2007 ann. Chistigh MSCA níos mó ná 1000 tionscadal de chuid na hintleachta saorga a bhfuil comhpháirt láidir na hintleachta saorga acu, agus tá CNE ag tacú le roinnt oibre ar an intleacht shaorga i ngnólachtaí nuathionscanta eolaíochta.

([58]) COM(2024) 28 final

**Sciar na hintleachta saorga arna cistiú ag ERC i dtionscadail eolaíochta in aghaidh an réimse in aghaidh na bliana**




**Déanfaidh an Coimisiún comhordú gníomhach agus ailíniú na n-infheistíochtaí san intleacht shaorga san eolaíocht a neartú a thuilleadh,** chun luach a uasmhéadú agus infheistíochtaí straitéiseacha a chothú i réimsí téamacha ar féidir leo tairbhe a bhaint as cumais mhéadaithe na hintleachta saorga. Tá an Coimisiún tiomanta dá ról mar phríomhsholáthraí cistiúcháin taighde Eorpaigh don intleacht shaorga san eolaíocht a choinneáil ar bun agus a neartú, rud a mhéadóidh ról Fís Eorpach mar chatalaíoch do chuir chuige nuálacha eolaíocha atá bunaithe ar an intleacht shaorga. Is príomhionstraim eile de chuid an Aontais é cistiú an Bheartais Comhtháthaithe, go háirithe CFRE, chun tacú le taighde agus nuálaíocht, lena n-áirítear san intleacht shaorga[59].

**Chun an intleacht shaorga a chistiú go héifeachtach san eolaíocht, tá sé ríthábhachtach ionstraimí cistiúcháin a chur in oiriúint dá cineál atá ag athrú go tapa[60].** Ba cheart an cistiú a bheith solúbtha, sofhreagrúil agus ba cheart tacú leis an idirdhisciplíneacht agus leis an gcomhar. Ba cheart an cistiú a bheith in ann freagairt go tapa do smaointe agus do threochtaí nua agus rochtain ar bhonneagar teicniúil agus ar shaineolas teicniúil a ráthú. Ina theannta sin, le cláir chistiúcháin ba cheart cothromaíocht a bhaint amach idir glaonna ón mbun aníos agus glaonna treocha, méideanna éagsúla tionscadail, tionscnaimh taighde aonair agus chomhoibríocha, agus tacú le bonneagair riachtanacha a chruthú agus a chothabháil.

**Le ATISAE, maolófar ilroinnt na n-iarrachtaí taighde trí chistiú taighde ailínithe agus comhordaithe a dhreasú**. Bainfear úsáid as ionstraimí éagsúla faoin gClár Réime Eorpach um Thaighde agus um Nuálaíocht agus rachfar i mbun iarrachtaí breise comhordúcháin. Áireofar orthu sin cistiú do thaighde trasréimse chun samhlacha agus uirlisí intleachta saorga a thógáil a rachaidh chun tairbhe d'eolaithe ar fud na réimsí agus oibriú leis na Ballstáit chun cláir oibre náisiúnta taighde le haghaidh eolaíocht na hintleachta saorga a fhorbairt agus a ailíniú.

| |
|---|
| Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:<br>• infheistíochtaí san intleacht shaorga san eolaíocht a dhreasú agus a chomhordú trí chlár oibre infheistíochta i gClár Oibre 2026-27 Fís Eorpach *(treoirthionscadal ATISAE*). |

(59) Go háirithe trí úsáid a bhaint as na solúbthachtaí a tugadh isteach leis an Athbhreithniú Meántéarma, lena n-áirítear trí STEP, chun infheistíochtaí dé-úsáide amhail feidhmchláir intleachta saorga a neartú.
(60) Cleachtadh Foghlama Frithpháirtí maidir leis an intleacht shaorga san eolaíocht

- féachaint le figiúirí infheistíochta bliantúla reatha Fís Eorpach san intleacht shaorga a dhúbailt, lena n-áirítear an infheistíocht sin don intleacht shaorga san eolaíocht a dhúbailt faoi 2028.
- an t-uathoibriú eolaíoch saotharlainne a chistiú agus bunsamhlacha eolaíocha a fhorbairt agus a thabhairt cothrom le dáta, lena n-áirítear i suíomhanna tionsclaíocha *(treoirthionscadal ATISAE*).

### 3.5. Comhar agus comhordú

Chun dlús a chur le glacadh freagrach na hintleachta saorga san eolaíocht, **tá gá le comhordú agus comhar ar an leibhéal Eorpach chun acmhainní breise a shlógadh agus iarrachtaí a ailíniú.** Cuirfidh an cur chuige Eorpach sainiúil seo le trí ghné bhunúsacha: (i) comhar rathúil a fhorbairt leis an earnáil phríobháideach, (ii) comhordú agus ailíniú beartais laistigh den Aontas, agus (iii) comhghuaillíochtaí agus comhar le gníomhaithe idirnáisiúnta eile[61].

*Comhar san earnáil phríobháideach*

**Tá an Coimisiún tiomanta d'éiceachóras fiontraíochta níos dinimiciúla agus níos rathúla a thógáil san Eoraip.** Is é is aidhm do Straitéis an Aontais um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú[62], a glacadh le déanaí, an tAontas a chur ar an áit is fearr ar domhan chun cuideachtaí domhanda atá bunaithe ar an teicneolaíocht a thosú agus a mhéadú. Tiocfaidh méadú ar thábhacht gnólachtaí nuathionscanta agus cuideachtaí a dhíríonn ar an intleacht shaorga san eolaíocht sna blianta amach romhainn. Bunaíonn na cuideachtaí sin a samhail ghnó agus a mbuntáiste iomaíoch ar fhionnachtana eolaíocha nua a baineadh amach leis an intleacht shaorga, ar fhorbairt uirlisí nua chun an eolaíocht a dhéanamh leis an intleacht shaorga (e.g. samhlacha, cúntóirí taighde), agus ar sheirbhísí nua eolaíochta IS le haghaidh príomhearnálacha.

**An intleacht shaorga Eorpach i ngnólachtaí nuathionscanta eolaíochta**

Tá go leor samplaí de ghnólachtaí nuathionscanta Eorpacha atá bunaithe ar úsáid na hintleachta saorga san eolaíocht. Mar shampla, d'fhorbair cuideachta bith-theicneolaíochta de chuid na Fraince bunsamhail intleachta saorga don bhitheolaíocht.

Gnólacht nuathionscanta Iodálach a dhíríonn ar anailísíocht riosca aeráide ón spás, úsáideann sé meaisínfhoghlaim ar shonraí um fhaire na Cruinne (ó bhuíonta satailíte iomadúla) chun cainníochtú a dhéanamh ar an gcaoi a nochtar sócmhainní do ghuaiseacha aeráide amhail tuilte, hairicíní agus triomaigh.

Tá ardán tógtha ag gnólacht nuathionscanta ceimice Polannach atá cumhachtaithe ag an intleacht shaorga chun bealaí sintéise orgánaí a phleanáil, céim atá ríthábhachtach ach casta agus fadálach i bhforbairt drugaí agus in eolaíocht na n-ábhar.

**Tá na dúshláin atá roimh chuideachtaí a dhéanann an intleacht shaorga san eolaíocht a ghiaráil cosúil leis na dúshláin atá roimh ghnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí Eorpacha eile atá ag méadú[63],** amhail easpa Margadh Aonair lán-

(61) Maidir le comhar agus comhordú níos leithne le soláthraithe na hintleachta saorga, le ceannairí tionscail, le heagraíochtaí san earnáil phoiblí, leis an saol acadúil agus leis an bpobal i gcoitinne, féach an sásra comhair a cuireadh i bhfeidhm faoin Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga: an Chomhghuaillíocht um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga.

(62) https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_25_1350

(63) Straitéis an Aontais um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú, COM(2025) 270 final

chomhtháite, lena n-áirítear le haghaidh caipitil, fonn riosca níos ísle d'infheisteoirí, agus bacainní rialála. Ina theannta sin, tá dúshlán níos mó fós rompu tallann a aimsiú, ós rud é go bhfuil sé an-speisialaithe, go bhfuil éileamh air agus go bhfuil sé gann. D'infheistigh CNE níos mó ná EUR 150 milliún in 2024 i dtionscadail na hintleachta saorga (agus níos mó ná EUR 400 milliún sa tréimhse 2021-24)[64] agus leanfaidh sé de ról mór a bheith aige maidir le tacú le héiceachóras nuathionscanta agus méadaithe na hintleachta saorga san eolaíocht. Cuireann sé caipiteal fiontair ar fáil agus tacaíonn sé freisin le smaointe nuálacha luathchéime, amhail cúntóirí taighde intleachta saorga agus saotharlanna taighde uathrialacha. I gcomhréir le Straitéis an Aontais um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú, déanfaidh an Coimisiún tábhacht CNE a leathnú agus a mhéadú agus a rialacha a shimpliú mar chuid d'iarrachtaí simplithe níos leithne chun an t-ualach riaracháin ar ghnólachtaí a laghdú. Ina theannta sin, tá an Institiúid Eorpach um Theicneolaíocht (EIT) ag tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann leis an intleacht shaorga ar fud a n-éiceachórais, ina bhfuil thart ar 800 gnólacht nuathionscanta IS a bhfuil luacháil iomlán beagnach EUR 20 billiún acu faoi láthair.

**Tá an Coimisiún tiomanta do thacaíocht a thabhairt don aistriú ón taighde go dtí an margadh, go háirithe i gcás táirgí agus seirbhísí atá bunaithe ar fheidhmchláir eolaíocha na hintleachta saorga.** Tá an Gníomh um an Intleacht Shaorga ceaptha chun muinín a chothú agus tacú le dul chun cinn teicneolaíoch san am céanna. Leis an nGníomh, cruthófar margadh inmheánach don intleacht shaorga, seachnófar ilroinnt agus tabharfar deimhneacht dhlíthiúil d'infheisteoirí. Tacaíonn an Gníomh um an Intleacht Shaorga leis an nuálaíocht agus leis an tsaoirse eolaíoch, toisc go n-eisiatar óna raon feidhme córais agus samhlacha intleachta saorga a fhorbraítear agus a chuirtear i mbun seirbhíse go sonrach chun críche taighde agus forbartha eolaíche agus chun na críche sin amháin. Mar a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta um Mór-Roinn na hIntleachta Saorga, tá an Coimisiún ag obair chun tacú le cur chun feidhme soiléir an Ghnímh um an Intleacht Shaorga, lena n-áirítear cuidiú le hinstitiúidí taighde, seach-chuideachtaí agus gnólachtaí nuathionscanta chun dul i ngleic le tírdhreach rialála na hintleachta saorga. Áirítear ar na bearta tacaíochta na Treoirlínte[65] agus an Cód Cleachtais[66] is déanaí (maidir le samhlacha intleachta saorga ilchuspóireacha araon), Deasc Seirbhíse an Ghnímh um an Intleacht Shaorga atá ar na bacáin agus Boscaí Gainimh Rialála IS (atá éigeantach i ngach Ballstát agus ar cheart an pobal taighde eolaíoch a áireamh ina ndearadh agus ina n-oibriú).

**Tá níos mó i gceist leis an Straitéis Eorpach um an Intleacht Shaorga san Eolaíocht ná taighde a chistítear go poiblí agus an earnáil phoiblí.** Ba cheart taighde príobháideach a shlógadh freisin agus ba cheart glacadh leis an intleacht shaorga mar uirlis bhunúsach le haghaidh gníomhaíochtaí taighde. Tá na cuideachtaí teicneolaíochta is mó ar domhan ag bunú intleacht shaorga inmheánach i bhfoirne eolaíochta agus ag bunú comhpháirtíochtaí le príomhinstitiúidí taighde. Ar an gcúis sin, seolfaidh an Coimisiún cleachtadh gealltanais atá dírithe ar an earnáil phríobháideach, lena n-áirítear eagraíochtaí daonchairdiúla, chun cuidiú le hacmhainní agus infheistíochtaí breise a shlógadh. Ina theannta sin, dreasóidh an Coimisiún gnólachtaí nuathionscanta agus cuideachtaí eile chun páirt níos gníomhaí a ghlacadh san intleacht shaorga arna cistiú ag an Aontas i dtionscadail taighde eolaíochta atá gar do chéimeanna an iarratais, mar shampla trí rannpháirtithe sa Chomhghuaillíocht um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga.

| Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas: |
|---|

(64) Tuarascáil Tionchair CNE 2025
(65) https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/policies/guidelines-gpai-providers
(66) https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/policies/contents-code-gpai

- Cruinnithe Mullaigh um IS san Eolaíocht a eagrú, is é sin imeachtaí suaitheanta bliantúla lena dtugtar an intleacht shaorga le chéile i bpobail eolaíochta (eolaithe, lucht ceaptha beartas, gnólachtaí nuathionscanta, cuideachtaí teicneolaíochta).
- feachtas a sheoladh chun gealltanais ó chuideachtaí príobháideacha maidir leis an intleacht shaorga san eolaíocht a spreagadh.
- anailís a dhéanamh ar impleachtaí an Ghnímh um an Intleacht Shaorga don phobal eolaíochta, mar shampla trí mheasúnú a dhéanamh ar dhíolúine taighde an Ghnímh um an Intleacht Shaorga le haghaidh seach-chuideachtaí.

*Comhordú na mBallstát*

**Tagann an Coimisiún agus na Ballstáit ar chomhaontú maidir le tábhacht straitéiseach na hintleachta saorga san eolaíocht agus maidir le cur chuige coiteann Eorpach a fhorbairt,** mar a léirítear sna Conclúidí ón gComhairle le déanaí maidir leis an intleacht shaorga san eolaíocht[67]. Tá an Coimisiún ag obair leis na Ballstáit cheana chun acmhainneacht a fhorbairt, dúshláin a shainaithint agus dea-chleachtais a chomhroinnt ar an leibhéal náisiúnta trí Chleachtadh Foghlama Frithpháirtí um IS san eolaíocht[68].

**Tá gníomhaíochtaí agus infheistíochtaí ar leibhéal na mBallstát ríthábhachtach chun go n-éireoidh leis an straitéis.** Ní mór do na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar a riachtanais shonracha agus gníomhú mar iolraitheoirí iarrachtaí na hEorpa laistigh dá gcórais T&N féin, ós rud é gur ón leibhéal náisiúnta a thagann thart ar 90 % den chistiú don taighde poiblí san Aontas[69]. Beidh ar na hinfheistíochtaí sin cur le láidreachtaí na heolaíochta Eorpaí, is iad sin comhar, saoirse acadúil, agus úsáid fhreagrach na hintleachta saorga. D’fhéadfadh an Coimisiún agus na Ballstáit féachaint lena gcláir oibre cistithe taighde maidir leis an intleacht shaorga san eolaíocht a ailíniú[70].

**Tá gá le gealltanais agus treoir ardleibhéil chun a áirithiú go mbeidh tionscnaimh maidir leis an intleacht shaorga san eolaíocht ag teacht le beartais agus tosaíochtaí níos leithne ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta.** Le beartais chomhordaithe agus ailínithe ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon, ba cheart tacú le hinstitiúidí eile (ollscoileanna, eagraíochtaí taighde, etc.) agus an bealach a réiteach dóibh chun dlús a chur le glacadh na hintleachta saorga san eolaíocht trí ghníomhaíochtaí níos spriocdhírithe. Leis na hiarrachtaí comhordúcháin ba cheart cultúr comhúinéireachta agus rialachais chomhoibríoch a chothú. Ba cheart bearta nithiúla a áireamh i níos mó straitéisí náisiúnta intleachta saorga chun tacú leis an intleacht shaorga sa taighde eolaíoch[71].

**Déanfar comhordú faoi rialachas LET[72],** mar chuid de chlár oibre beartais LET 2025-27[73]. Áiritheofar le comhordú ar an leibhéal oibre leis na Ballstáit, le tíortha comhlachaithe

(67) Conclúidí ón gComhairle ‘I dtreo straitéis an Aontais maidir leis an intleacht shaorga san eolaíocht’, an 23 Bealtaine 2025

(68) Cleachtadh Foghlama Frithpháirtí um IS san eolaíocht

(69) Is ionann an cistiú uile ar leibhéal an Aontais le haghaidh T&F poiblí agus thart ar an deichiú cuid den chaiteachas poiblí foriomlán ar T&F san Aontas, Todhchaí iomaíochas na hEorpa:Grinnanailís agus moltaí,

(70) Agus Airteagal 4(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus na rialacha is infheidhme maidir le Státchabhair á n-urramú san am céanna.

(71) Bunaithe ar Fhaireachlann Beartais IS ECFE 2024, an rannóg in Bianchini *et al.*, *‘Artificial intelligence in science – Promises or perils for creativity?’*, [An intleacht shaorga san eolaíocht – Gealltanais nó priacail le haghaidh na cruthaitheachta?], 2025, https://data.europa.eu/doi/10.2777/6693925

(72) Beidh dlúthnasc idir an Bord um Intleacht Shaorga a bunaíodh mar chuid den Ghníomh um an Intleacht Shaorga agus coinneofar ar an eolas é faoi ghníomhaíochtaí LET.

(73) Moladh ón gComhairle maidir le Clár Oibre Beartais an Limistéir Eorpaigh Taighde 2025-2027

Fís Eorpach agus le páirtithe leasmhara T&N go dtabharfar aghaidh go críochnúil ar ghnéithe teicniúla na hintleachta saorga san eolaíocht. Beidh sé d'aidhm ag an obair sin ailíniú le Gníomh LET atá ar na bacáin agus le cuspóirí straitéiseacha níos leithne LET. Tacóidh an obair le dearadh agus forbairt ATISAE agus le rannpháirtíocht tíortha amach anseo agus éascóidh sé an dearadh agus an fhorbairt sin.

Mar a mholtar sa Tuarascáil Heitor[74], **tacófar leis an gcomhordú sin le sásra faireacháin** lenar féidir beartais agus infheistíochtaí ábhartha a threorú agus a oiriúnú go tráthúil. Déanfaidh sé rianú ar an dul chun cinn atá déanta maidir le glacadh na hintleachta saorga ag eolaithe ar an leibhéal idirnáisiúnta, le Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFnna) amhail foilseacháin eolaíocha, príomh-bhunsamhlacha i réimsí eolaíocha roghnaithe agus a n-idirnaisc, tacair sonraí cumasúcháin straitéiseacha, agus gnéithe eile (scileanna, oideachas, gnólachtaí nuathionscanta/cuideachtaí). Déanfar na léargais sin a chomhtháthú san Fhaireachlann a fógraíodh sa straitéis um chur i bhfeidhm na hintleachta saorga.

Déanfaidh an Coimisiún an méid seo leanas:

- comhordú a dhéanamh leis na Ballstáit, le Tíortha Comhlachaithe agus le páirtithe leasmhara T&N i rialachas LET, amhail Gníomhaíocht thiomnaithe LET maidir leis an intleacht shaorga san eolaíocht.
- faireachán a dhéanamh ar ghlacadh na hintleachta saorga san eolaíocht le táscairí agus méadrachtaí.

***Comhar idirnáisiúnta***

**Is é is aidhm don Aontas úsáid na hintleachta saorga san eolaíocht a mhúnlú ionas go mbeidh sí oscailte, duinelárnach agus fréamhaithe sa bharr feabhais eolaíoch,** faoi chuimsiú bheartas foriomlán an Aontais maidir leis an intleacht shaorga agus i sineirgíocht leis an straitéis um chur i bhfeidhm na hintleachta saorga. Tá an tAontas ag iarraidh a bheith ina cheannródaí maidir leis an dul chun cinn teicneolaíoch a ailíniú le cearta bunúsacha agus an fhís sin a chur chun cinn go hidirnáisiúnta. Dá bhrí sin, tacaíonn an comhar idirnáisiúnta le huathriail straitéiseach oscailte an Aontais agus lena uaillmhian caighdeáin dhomhanda a mhúnlú. Braitheann cumas an Aontais a bheith ar thús cadhnaíochta go freagrach sa réimse sin ar a chumas oibriú le comhpháirtithe a roinneann a phrionsabail agus ról gníomhach a imirt maidir le húsáid na hintleachta saorga san eolaíocht a mhúnlú.

**Tá an seasamh sin bunaithe ar thosaíochtaí rannpháirtíochta idirnáisiúnta bheartas an Aontais maidir leis an intleacht shaorga.** Cuireann sé le creataí straitéiseacha atá ann cheana amhail an 'Straitéis Dhigiteach Idirnáisiúnta don Aontas Eorpach'[75] a rinneadh le déanaí, arb é is aidhm di an clár oibre digiteach domhanda a mhúnlú maidir le hoscailteacht, cuimsitheacht agus cearta, chomh maith le 'Cur Chuige Domhanda an Aontais i leith T&N'[76], comhaontuithe comhlachais faoin gclás Fís Eorpach agus na Comhaontuithe Eolaíochta agus Teicneolaíochta le tríú tíortha, faoi réir a n-ailínithe le tosaíochtaí comhair idirnáisiúnta straitéis IS an Aontais, lenar leagadh síos an bealach do chomhar idirnáisiúnta taighde agus nuálaíochta atá bunaithe ar luachanna agus a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh. D'fhéadfadh sé a bheith fréamhaithe freisin san idirphlé leanúnach maidir le beartas réigiúnach agus sa taidhleoireacht eolaíochta inar féidir an intleacht shaorga san eolaíocht a chomhtháthú agus i gcás ina bhfuil sé sin ailínithe le tosaíochtaí rannpháirtíochta idirnáisiúnta straitéis IS an Aontais**.**

---

([74]) Ailínigh, Gníomhaigh, Luathaigh — Taighde, teicneolaíocht agus nuálaíocht chun borradh a chur faoi iomaíochas na hEorpa, 2024,

([75]) COM(2021) 252 final

([76]) https://research-and-innovation.ec.europa.eu/system/files/2021-05/ec_rtd_com2021-252.pdf

**Ní mór coimircí a bheith ag gabháil le rannpháirtíocht idirnáisiúnta níos doimhne** agus ní mór an oscailteacht a chothromú le forairdeall in aghaidh aistriú teicneolaíochta nach bhfuil ag teastáil nó le spleáchais i réimsí straitéiseacha. Dá bhrí sin, is príomhghné den chur chuige sin í an tslándáil taighde mar a chuirtear in iúl i Straitéis Slándála Eacnamaíche na hEorpa, sa Straitéis Dhigiteach Idirnáisiúnta agus sa Chur Chuige Domhanda i leith T&N. Téann an tAontas i dteagmháil le comhpháirtithe iontaofa, rud a mhéadaíonn a thionchar agus a áirithíonn go léiríonn rialacha agus caighdeáin dhomhanda a fhís agus a leasanna straitéiseacha. Comhlánaíonn an iarracht sin rannpháirtíocht dhéthaobhach na mBallstát agus neartaíonn sí seasamh comhchoiteann an Aontais i bhfóraim iltaobhacha amhail G7, G20, UNESCO, ECFE agus an tIdirphlé Iltaobhach maidir le prionsabail agus luachanna.

Cuireann an cur chuige sin le LET atá nasctha ar fud an domhain ach atá uathrialach ó thaobh straitéise de, ina dtacaíonn **an comhar eolaíoch le hiomaíochas agus freagracht dhomhanda an Aontais.**

Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sonracha a bhaineann leis an intleacht shaorga san eolaíocht le tríú tíortha agus réigiúin ábhartha i gcomhthéacs rannpháirtíocht idirnáisiúnta fhoriomlán an Aontais maidir leis an intleacht shaorga, i gcomhréir lena tosaíochtaí, agus laistigh den chreat atá ann cheana.
- páirt a ghlacadh trí idirphlé beartais réigiúnaigh atá ann cheana maidir le T&N chun tosaíochtaí comhpháirteacha a shainaithint, úsáid na hintleachta saorga i dtionscadail eolaíochta a chomhchistiú agus fothú acmhainneachta agus foghlaim fhrithpháirteach a chur chun cinn in úsáid na hintleachta saorga san eolaíocht, i gcomhréir le tosaíochtaí comhair idirnáisiúnta straitéis IS an Aontais.
- prionsabail agus luachanna agus caighdeáin an Aontais a chur chun cinn maidir le húsáid fhreagrach na hintleachta saorga san eolaíocht trí fhóraim iltaobhacha ábhartha agus trí eagraíochtaí idirnáisiúnta, i gcomhréir le tosaíochtaí comhair idirnáisiúnta straitéis IS an Aontais.

## 4. AN INTLEACHT SHAORGA SAN EOLAÍOCHT SNA PRÍOMHEARNÁLACHA: CÁSANNA LÉIRITHEACHA LE HAGHAIDH NA HINTLEACHTA SAORGA SAN EOLAÍOCHT

Is tosaíochtaí Eorpacha T&N iad ardábhair agus bith-theicneolaíochtaí agus is príomhearnálacha iad a bhfuil bunús láidir eolaíoch acu, a bhfuil acmhainneacht mhór ag an intleacht shaorga ina leith, mar a shainaithnítear sa Phlean Gníomhaíochta um Mór-Roinn na hIntleachta Saorga. Cumhdaítear earnálacha eile le haghaidh chur i bhfeidhm na hintleachta saorga sa Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga.

### *An Intleacht Shaorga le haghaidh dearadh ardábhar*

Is féidir leis an intleacht shaorga dul chun cinn a éascú i dtimthriall iomlán na n-ardábhar ón bhfionnachtain[77] go dtí an mhonaraíocht, agus is féidir leis an intleacht shaorga ardteicnící monaraíochta (arna bhforbairt tuilleadh sa Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga) a chumasú chun bonn tionsclaíoch a fhorbairt atá idir-inoibritheach idir na réimsí sibhialta agus cosanta.

(77) Chun tuilleadh eolais a fháil faoin intleacht shaorga agus faoi fhionnachtain ábhar, féach *'The Role of Artificial Intelligence in Scientific Research – A Science for Policy, European Perspective'* ['Ról na hIntleachta Saorga sa Taighde Eolaíoch — Eolaíocht don Bheartas, Peirspictíocht Eorpach'] Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2025, JRC143482, DOI: 10.2760/7217497.

Léiríonn ardábhair airíonna nó feidhmíocht níos fearr i gcomparáid le gnáthábhair. Úsáidtear iad de ghnáth i bhfeidhmeanna ceannródaíocha amhail leictreonaic, fuinneamh, feistí bithleighis nó aeraspás agus is teicneolaíocht ríthábhachtach iad do shlándáil eacnamaíoch an Aontais. Is féidir margadh domhanda na n-ardábhar a mheas a bheag nó a mhór ag thart ar EUR 5 thrilliún, agus 25 % san Aontas. Tá eolaíocht na n-ábhar ar cheann de na réimsí is tapúla ina bhfuil an intleacht shaorga á glacadh (ag fás beagnach 50 % ar bhonn bliantúil), toisc gur féidir léi an t-am agus na hacmhainní is gá le haghaidh táirgeadh tionsclaíoch a laghdú go mór agus dlús a chur leis an am go dtí an margadh. Tríd an intleacht shaorga agus róbataic a chomhcheangal i gcórais sintéise lúbiata, d'fhéadfaí sainaithint agus bailíochtú ábhair nua a dhéanamh níos mó ná 1000 uair níos tapúla ná gnáth-theicnící[78].

Meastar go dtiocfaidh méadú as cuimse ar an éileamh ar ardábhair nuálacha. Sna blianta amach romhainn, cuirfidh an Coimisiún Gníomh um Ardábhair ar aghaidh in 2026, lena gcuirfear creat ar fáil don saolré iomlán ó thaighde go monaraíocht agus cur in úsáid. Déantar foráil i gClár Oibre 2025 Fís Eorpach maidir le cruthú na Coimíneachta Ábhair don Eoraip, bonneagar digiteach cónasctha le haghaidh T&F maidir le hardábhair, agus béim á leagan ar mhóracmhainneacht chlaochlaitheach an réimse teicneolaíochta sin.

***An Intleacht Shaorga don bhith-theicneolaíocht***

Is príomhearnáil í na bith-theicneolaíochtaí d'iomaíochas gheilleagar an Aontais. Is féidir le bith-theicneolaíochtaí réitigh a chur ar fáil ar dhúshláin amhail sláinte an duine, an t-athrú aeráide nó soláthar agraibhia[79] agus is réimse teicneolaíochta ríthábhachtach é do shlándáil eacnamaíoch an Aontais[80]. Is ionann an bhith-theicneolaíocht san Aontas agus beagnach EUR 65 bhilliún de láimhdeachas agus fostaítear 300 000 duine inti[81]. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún Gníomh Bith-theicneolaíochta a mholadh go luath amach anseo.

Tá bith-theicneolaíochtaí á n-athrú go tapa ag an intleacht shaorga, ag cur gach réimse chun cinn ó fhionnachtain drugaí go coipeadh beacht. Úsáidtear samhlacha bitheolaíocha na hintleachta saorga chun anailís a dhéanamh ar chórais bhitheolaíocha chasta, chun struchtúr 3T na mbithmhóilíní a thuar[82] gan gá le turgnaimh fhada agus fiú chun oibreáin bhitheolaíocha nua a ghiniúint ón tús. Tá an líon samhlacha intleachta saorga bitheolaíocha ag méadú go tapa agus ag fás ó thaobh méide agus cumas de[83]. Cé gur féidir leis an Aontas brath ar éiceachóras taighde bith-theicneolaíochta den scoth, tá príomhshamhlacha bitheolaíocha na hintleachta saorga á bhforbairt lasmuigh den Aontas agus ag gníomhaithe príobháideacha den chuid is mó[84].

Tá roinnt dúshlán fós roimh earnáil an taighde bith-theicneolaíochta chun leas iomlán a bhaint as an intleacht shaorga. Ní mór dúshláin idir-inoibritheachta sonraí a shárú agus ní mór méideanna ollmhóra de chineálacha éagsúla sonraí bitheolaíocha ó orgánaigh éagsúla,

(78) Maqsood A, Chen C, Jacobsson TJ. *The Future of Material Scientists in an Age of Artificial Intelligence*. ADV Sci (Weinh). 2024 Bealtaine;11(19):e2401401. doi: 10.1002/advs.202401401.
(79) COM/2024/137 final
(80) https://eur-lex.europa.eu/eli/reco/2023/2113
(81) Sonraí le haghaidh 2022, https://datam.jrc.ec.europa.eu/datam/mashup/LIFE_SCIENCES_SECTORS/ agus https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC142396
(82) Chun tuilleadh eolais a fháil faoi struchtúir na hintleachta saorga agus bithmhóilíní, féach *'The Role of Artificial Intelligence in Scientific Research — A Science for Policy, European Perspective'* ['Ról na hIntleachta Saorga sa Taighde Eolaíoch — Eolaíocht don Bheartas, Peirspictíocht Eorpach'] Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2025, JRC143482, DOI: 10.2760/7217497.
(83) https://epoch.ai/blog/announcing-expanded-biology-ai-coverage
(84) Tuarascáil Innéacs na hIntleachta Saorga 2024 — Innéacs na hIntleachta Saorga; https://epoch.ai/blog/announcing-expanded-biology-ai-coverage

ó thionscnaimh gheografacha agus ó shocruithe turgnamhacha a chomhtháthú. Leis an dul chun cinn tapa i gcumais na samhlacha intleachta saorga agus a n-acmhainneacht dé-úsáide, méadaítear freisin an riosca go mbainfí mí-úsáid as an teicneolaíocht, rud a éilíonn bearta maolaithe speisialta[85]. Tá gá le comhar láidir idir saineolaithe IS, bitheolaithe, ceimiceoirí, cliniceoirí, eiticithe agus lucht déanta beartas, mar aon le modhanna láidre chun sábháilteacht, slándáil agus iontaofacht IS a mheas agus a fheabhsú[86].

Tá roinnt tionscnamh seolta ag an Aontas cheana a d'fhéadfadh dul chun tairbhe do ghlacadh na hintleachta saorga i dtaighde bith-theicneolaíochta. Áirítear orthu sin an Straitéis um Eolaíochtaí Beatha[87], an Straitéis Eorpach maidir le Sonraí chun margadh aonair a chruthú le haghaidh sonraí (lena n-áirítear sonraí sláinte tríd an Spás Eorpach Sonraí Sláinte)[88] agus Monarchana IS na nEolaíochtaí Beatha a chuirtear i láthair i Mór-Roinn na hIntleachta Saorga[89].

## 5. Conclúidí

**Beidh impleachtaí móra eolaíocha, eacnamaíocha agus sóisialta ag baint le glacadh méadaithe na hintleachta saorga san eolaíocht**; cuirfidh sé dlús le fionnachtana, spreagfaidh sé fás eacnamaíoch, athróidh sé ó bhonn tionscail iomlána agus cruthóidh sé tionscail nua. Tá an Coimisiún tiomanta leas a bhaint as cumhacht na hintleachta saorga san eolaíocht, seasamh an Aontais mar cheannaire san eolaíocht a threisiú, agus an bealach a réiteach do ré nua iomaíochais.

**Leis an Straitéis Eorpach maidir leis an Intleacht Shaorga san Eolaíocht, cuirtear leis na láidreachtaí Eorpacha atá ann cheana** agus glactar le cur chuige Eorpach ar leith i leith na hintleachta saorga. Moltar inti gníomhaíochtaí chun tacú le barr feabhais na hEorpa san eolaíocht atá cumasaithe ag an intleacht shaorga agus chun borradh breise a chur faoi chun taighdeoirí a chumhachtú agus dul chun cinn a spreagadh. Is é ATISAE an tionscnamh suaitheanta ina gcuimsítear na huaillmhianta sin, ar institiúid Eorpach fhíorúil é a chomhthiomsóidh acmhainní, saineolas agus tallann chun eolaíocht na hintleachta saorga a chur chun cinn.

**Ní féidir an straitéis sin a chur chun feidhme ach amháin i ndlúthchomhar** leis na Ballstáit, le tíortha comhlachaithe, leis an bpobal eolaíochta agus le páirtithe leasmhara eile, a gcuirfidh LET an príomhchreat rialachais ar fáil ina leith. Áiritheofar comhleanúnachas le beartais agus tionscnaimh intleachta saorga eile, rud a chuirfidh le rialachas foriomlán na hEorpa maidir leis an intleacht shaorga a mholtar sa straitéis um chur i bhfeidhm na hintleachta saorga, is é sin comhordú ar leibhéal na mBallstát leis an mBord um Intleacht Shaorga.

Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa, ar an gComhairle Eorpach, ar an gComhairle agus ar na páirtithe leasmhara an Straitéis Eorpach um an Intleacht Shaorga san Eolaíocht a fhormhuiniú agus rannchuidiú go gníomhach leis na tionscnaimh a leagtar

(85) Is féidir le soláthraithe samhlacha intleachta saorga ilchuspóireacha tagairt a dhéanamh don Ghníomh um an Intleacht Shaorga, don Chód Cleachtais agus do na Treoirlínte maidir le raon feidhme na n-oibleagáidí le haghaidh tuilleadh treorach maidir le measúnú riosca agus maolú ar leibhéal na samhla intleachta saorga.

(86) Gómez-González, E. agus Gómez, E. *Artificial intelligence for healthcare and well-being during exceptional times: a recent landscape from a European perspective* [Intleacht shaorga don chúram sláinte agus don fholláine le linn tréimhsí eisceachtúla: tírdhreach a bhí ann le déanaí ó thaobh na hEorpa de]

(87) Teachtaireacht maidir leis an Eoraip a roghnú ar mhaithe leis na heolaíochtaí beatha, COM(2025) 525 final

(88) An Straitéis Eorpach maidir le Sonraí

(89) https://commission.europa.eu/topics/eu-competitiveness/ai-continent_ga

amach inti a chur i gcrích. **Forbrófar creat faireacháin beartais chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn** i dtreo spriocanna na straitéise seo. Tuairisceoidh an Coimisiún ar chur chun feidhme na Straitéise faoi dheireadh 2027.

Sa rás domhanda leanúnach le haghaidh na hintleachta saorga, tugann úsáid na hintleachta saorga san eolaíocht deis don Aontas na síolta a chur le haghaidh na nuálaíochta agus an iomaíochais amach anseo, san intleacht shaorga agus i bhfad níos faide i gcéin. Is féidir linn an deis a thapú trí dhul i gcomhar le chéile, tríd an gcur chuige Eorpach i leith na hintleachta saorga a ghlacadh agus trí dhinimic nua a chruthú inár n-éiceachóras barr feabhais eolaíoch den chéad scoth.

## IARSCRÍBHINN I: ACHOIMRE AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ

| | **Gníomhaíochtaí** |
|---|---|
| **ATISAE** | • Treoirthionscadal ATISAE a sheoladh ag an gCruinniú Mullaigh um IS san Eolaíocht (R4/25)<br>• Comhordú tosaigh ATISAE a bhunú le haghaidh na hintleachta saorga san eolaíocht (R4/25)<br>• Comhpháirtíocht a dhéanamh leis na Ballstáit agus leis an earnáil phríobháideach chun ATISAE (2028) a thógáil<br>• Bord comhairleach acadúil ardleibhéil a bhunú (R4/25) |
| **Barr feabhais agus tallann** | • Líonraí Dochtúireachta a chistiú maidir leis an intleacht shaorga san eolaíocht chun oiliúint a chur ar an gcéad ghlúin eile de thaighdeoirí (treoirthionscadal ATISAE) (R4/25)<br>• Líonraí Bairr Feabhais téamacha le haghaidh IS san eolaíocht a chistiú (treoirthionscadal ATISAE) (R4/25)<br>• Na 'Treoirlínte Maireachtála maidir le húsáid fhreagrach an IS ghiniúnaigh sa taighde' agus ábhair oibríochtúla eile a bhaineann le heitic a thabhairt cothrom le dáta (ar bhonn rialta)<br>• Mol Meastóireachta IS a chruthú chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar shamhlacha agus córais intleachta saorga i réimsí eolaíocha straitéiseacha (2027) |
| **Ríomh** | • Rochtain thiomnaithe ar Ghigeamhonarchana IS a áirithiú d'eolaithe agus do ghnólachtaí nuathionscanta an Aontais, lena n-áirítear le haghaidh cuspóirí sonracha Fís Eorpach. Infheisteoidh Fís Eorpach suas le EUR 600 milliún (treoirthionscadal ATISAE) (R4/25)<br>• Acmhainní ríomhaireachta na hintleachta saorga atá dírithe ar an eolaíocht a fhorbairt trí na Monarchana IS |
| **Sonraí** | • Tacú le dearadh Saotharlanna Sonraí agus lena nascadh le Spásanna Coiteanna Sonraí Eorpacha, go háirithe NEEO, chun a n-oiriúnacht don taighde eolaíoch a áirithiú (2026)<br>• Tacú le heolaithe bearnaí straitéiseacha sonraí a shainaithint agus na tacair sonraí is gá a bhailiú, a choimeád agus a chomhtháthú trí Líonraí ATISAE (treoirthionscadal ATISAE) (R4/25)<br>• Fianaise a bhailiú maidir leis an ngá atá le feabhas a chur ar rochtain ar thorthaí taighde a chistítear go poiblí agus ar athúsáid na dtorthaí sin agus ar úsáid foilseachán agus sonraí chun críoch eolaíoch (R4/25) |
| **Cistiú taighde** | • Infheistíochtaí san intleacht shaorga san eolaíocht a dhreasú agus a chomhordú trí chlár oibre infheistíochta maidir leis an intleacht shaorga san Eolaíocht i gClár Oibre 2026-27 an chláir Fís Eorpach (treoirthionscadal ATISAE) (R4/25)<br>• Féachaint le figiúirí infheistíochta Fís Eorpach san intleacht shaorga agus san intleacht shaorga san eolaíocht a dhúbailt faoi 2028<br>• An t-uathoibriú eolaíoch saotharlainne a chistiú agus bunsamhlacha eolaíocha a fhorbairt agus a thabhairt cothrom le dáta (treoirthionscadal ATISAE) (R4/25) |
| **Comhar agus Comhordú** | **<u>Comhar san earnáil phríobháideach</u>**<br>• Cruinnithe Mullaigh um IS san Eolaíocht a eagrú (an chéad eagrán i gCóbanhávan, an 3-4 Samhain 2025, faoi Uachtaránacht na Danmhairge) (R4/25)<br>• Feachtas a sheoladh chun gealltanais ó chuideachtaí príobháideacha a spreagadh (2026) |

| | |
|---|---|
| | • Anailís a dhéanamh ar impleachtaí an Ghnímh um an Intleacht Shaorga do phobal na heolaíochta (R4/25)<br>**<u>Comhordú na mBallstát</u>**<br>• Comhordú a dhéanamh leis na Ballstáit, le Tíortha Comhlachaithe agus le páirtithe leasmhara T&N trí Ghníomhaíocht LET maidir leis an intleacht shaorga san eolaíocht (R4/25)<br>• Faireachán a dhéanamh ar ghlacadh IS san eolaíocht le táscairí agus méadrachtaí. (2026)<br>**<u>Comhar idirnáisiúnta</u>**<br>• Aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sonracha na hintleachta saorga san eolaíocht le tríú tíortha agus réigiúin ábhartha (R4/25)<br>• Páirt a ghlacadh trí idirphlé beartais réigiúnaigh atá ann cheana maidir le T&N (R4/25)<br>• Luachanna agus caighdeáin an Aontais maidir leis an intleacht shaorga fhreagrach san eolaíocht a chur chun cinn trí fhóraim iltaobhacha (2026) |